Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Feabhra 2022**
**(OR. fr, en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0104(COD)**

**6292/22**
**ADD 1**

**DRS 8**
**EF 50**
**ECOFIN 128**
**SUSTDEV 37**
**CODEC 163**
**IA 13**
**COMPET 95**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5864/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8132/21 |
| Ábhar: | Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach<br>*Cur chuige ginearálta*<br>*- Ráiteas ó Phoblacht na Seice* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas ó Phoblacht na Seice.

**Ráiteas ó Phoblacht na Seice maidir leis an Treoir lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach**

Tuigeann Poblacht na Seice tábhacht na trédhearcachta i réimse chosaint an chomhshaoil agus chearta an duine. Ar an taobh eile, tá Poblacht na Seice lánchinnte freisin nach mór gur mhó buntáistí na n-éifeachtaí suntasacha dearfacha ar inbhuanaitheacht na timpeallachta gnó ná míbhuntáistí na n-oibleagáidí nua agus an ualaigh breise riaracháin.

Tá Poblacht na Seice fós amhrasach faoi na hoibleagáidí forleathana ar spriocábhair a bhfuil líon sách ard acu ann, ar oibleagáidí iad nach bhféadfadh ach breisluach teoranta a bheith acu i dtaca le cosaint an chomhshaoil agus chearta an duine. Dar linne, tá baol ann nach ndéanfar leis seo ach oibleagáidí riaracháin nua foirmiúla a chruthú. Dá bhrí sin, b'fhearr linn go bhfanfadh sé gur ar bhonn deonach a ghlacfaí oibleagáidí maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta.

Is cúis imní do Phoblacht na Seice freisin an méadú ar an ualach riaracháin don earnáil phríobháideach.